



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Lúnasa 2022
(OR. en)

11802/22

ENER 394
ECOFIN 802

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	5 Lúnasa 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 385 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Maidir le cur chun feidhme an Chláir Fuinnimh Eorpaigh do Théarnamh agus an Chiste Eorpaigh um Éifeachtúlacht Fuinnimh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 385 final.

Faoi iamh: COM(2022) 385 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.8.2022
COM(2022) 385 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Maidir le cur chun feidhme an Chláir Fuinnimh Eorpaigh do Théarnamh agus an
Chiste Eorpaigh um Éifeachtúlacht Fuinnimh**

{SWD(2022) 204 final}

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE.

Maidir le cur chun feidhme an Chláir Fuinnimh Eorpaigh do Théarnamh agus an Chiste Eorpaigh um Éifeachtúlacht Fuinnimh

Is é bonneagar athléimneach cnámh droma an Aontais Fuinnimh. Anuraidh, an bhliain 2021, neartaíodh comhar réigiúnach go mór.

Sa chomhthéacs sin, bhí ról lárnach ag an gClár Fuinnimh Eorpach do Théarnamh sa tacaíocht airgeadais a thugtar do bhonneagair mhóra leasa choitinn chun na margaí leictreachais agus gáis a chomhtháthú agus chun cinnteacht an tsoláthair a neartú.

I. DUL CHUN CINN MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME AN CHLÁIR

Tá an bonneagar fuinnimh agus an nuálaíocht, na nithe is mó a chuireann dlús leis an gClár Fuinnimh Eorpach do Théarnamh (CFET), chomh tábhachtach anois agus a bhí siad in 2009 nuair a bunaíodh CFET.

Leagtar amach sa tuarascáil seo, i gcás gach cuid de CFET, an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na dtionscadal agus an Chiste Eorpaigh um Éifeachtúlacht Fuinnimh (CEEF). Tagann sí tar éis na tuarascála a glacadh in 2021¹. Cumhdaítear léi cur chun feidhme na dtionscadal idir an 1 Eanáir 2021 agus an 31 Nollaig 2021 agus na híocaíochtaí a rinneadh le linn na tréimhse sin.

II. CUR CHUN FEIDHME FORIOMLÁN AN TIONSCADAIL (CFET)

Faoi dheireadh mhí na Nollag 2021, bhí deireadh curtha le 57 as 59 dtionscadal (iad curtha chun críche nó foirceanta) agus íocadh méid iomlán de EUR 2 615 657 214 (tar éis na horduithe gnóthaithe ar mhéid EUR 203 322 313 a asbhaint) leis na tairbhíthe (féach an Iarscríbhinn).

Is mar seo a leanas atá staid na mbonneagar gáis agus leictreachais: tá an chuid is mó de na tionscadail curtha i gcrích agus tá dhá thionscadal fós á gcur i gcrích.

Rinne na tionscnóirí dul chun cinn nach beag maidir le comhtháthú an Fhuinnimh Gaoithe amach ón gCósta san eangach agus chinn tionscnóirí tionscadail an tionscadail is deireanaí um Ghabháil agus Stóráil Carbóin atá fágtha deireadh a chur lena dtacaíocht airgeadais don tionscadal.

Chinn an Coimisiún a thacaíocht airgeadais do na hinfheisteoirí a choinneáil ar bun fad is a bheidh sé soiléir go bhfuil Cinneadh Deiridh Infheistíochta (FID) indéanta agus go leantar de bheith ag cur luach substaintiúil ar fáil don tsochaí leis an tionscadal.

¹ Tuarascáil 2020 a glacadh an 26.11.2021 COM(2021) 670 final

1. BONNEAGAR GÁIS AGUS LEICTREACHAIS

Thacaigh fochlár bonneagair CFET le 44 thionscadal i dtrí mhór-réimse gníomhaíochtaí (idirnascairí gáis, sreabhadh cúltreo gáis agus leictreachas).

Gealladh méid iomlán de EUR 2 267 574 462, ar íocadh amach EUR 1 692 273 968 de leis na tairbhíthe faoin 31 Nollaig 2021. Tá na híocaíochtaí faoi réir cheangaltas daingean na dtairbhíthe an tionscadal a chur chun feidhme trí Chinneadh Infheistíochta Deiridh.

1.1. AN DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

Go dtí seo, cuireadh 42 as an 44 thionscadal bonneagair i gcrích, foirceannadh ceithre thionscadal agus tá dhá thionscadal fós á gcur i gcrích.

In earnáil an leictreachais, tá gach ceann de na 12 thionscadal curtha i gcrích.

I limistéar na n-idirnascairí gáis, tá 13 as 18 dtionscadal curtha i gcrích; tá dhá cheann ag dul chun cinn de réir athsceidealú nua, agus foirceannadh trí cinn acu.

I réimse na dtionscadal sreafa cúltreo agus na dtionscadal idirnaisc i Lár agus in Oirthear na hEorpa, cuireadh i gcrích 13 thionscadal agus d'fhoirceann an Coimisiún tionscadal amháin sa Rómáin i mí Mheán Fómhair 2014.

Ón tráth a rinne tuarascáil cur chun feidhme deiridh CFET, is féidir an dul chun cinn seo a leanas a chur i dtábhacht go háirithe:

- Is príomh bhealach é an tIdirnascaire idir an Ghréig agus an Bhulgáir (IGB) chun gás a iompar ón bPíblíne Thrasaidriach agus GNL na Gréige go dtí an tuaisceart agus is tionscadal tábhachtach é chun an soláthar gáis a éagsúlú i réigiún Oirdheisceart na hEorpa. Is tionscadal leasa choitinn é (PCI 6.8.1) agus tionscadal tosaíochta nascachta fuinnimh do Lár agus Oirdheisceart na hEorpa (CESEC). Sholáthair an Coimisiún tacaíocht pholaitiúil agus airgeadais don tionscadal ón tús. Tugadh EUR 45 mhilliún ón gClár Fuinnimh Eorpach do Théarnamh agus EUR 39 milliún ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa don tionscadal. Cuireadh an tógáil tionscadail i gcrích i mí Iúil 2022 agus meastar go mbeidh an tionscadal oibríochtúil i mí Dheireadh Fómhair 2022.
- I bPoblacht na Cipire, tá an Aireacht Fuinnimh, Tráchtála agus Tionscail ag ullmhú críochfort gáis nádúrtha a chur chun feidhme, críochfort a chuirfidh le héagsúlú mheascán fuinnimh na Cipire agus a chuideoidh le deireadh a chur le leithlisiú fuinnimh an oileáin, agus lena n-éascófar iomaíocht i nginiúint cumhachta gáis ó tháirgeoirí neamhspleácha. De réir na faisnéise a sholáthair tionscnóir an tionscadail, tá sé beartaithe an tsaoráid GNL a choimisiúnú an bhliain seo chugainn.

Maidir leis na píblínte gáis sa Chipir, de réir Achoimre ar Chur Chun Feidhme Teicniúil 2021 ón tionscnóir, tabharfar an tionscadal chun críche faoi 2026. Maidir leis na píblínte gáis sin a bhfuil gá leo chun gás a thabhairt ó GNL go dtí a cheann scríbe, déanann na húdaráis athbhreithniú ar a dtuairimí maidir leis na suíomhanna ina dtógfar gléasraí giniúna gáis nádúrtha agus, dá bharr sin, tá athrú tagtha ar ródú na bpíblínte lena mbaineann, chomh maith leis an amlíne.

2. TIONSCADAIL FUINNIMH GAOITHE AMACH ÓN gCÓSTA

2.1 AN DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

Is éard a bhí i bhfochlár an Fhuinnimh Gaoithe amach ón gcósta 9 dtionscadal dár tugadh EUR 565 mhilliún de thacaíocht a rinneadh idir dhá phríomhchineál gníomhaíochtaí:

- Tástáil ar mórskála, tuirbíní nuálacha agus bunstruchtúir amach ón gcósta a mhonarú agus chur in úsáid (sé thionscadal); agus
- Forbairt a dhéanamh ar réitigh mhodúlbhunaithe chun méideanna móra de tharchur leictreachais gaoithe a chomhtháthú leis an eangach (3 thionscadal).

Cuireadh i gcrích seacht as naoi dtionscadal agus foirceannadh dhá thionscadal roimh am. Íocadh EUR 427 190 976 (tar éis orduithe gnóthaithe a asbhaint) leis na tionscadail.

2.2 AN DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO DE RÉIR EARNÁLA

2.2.1 Dul Chun Cinn le Tuirbíní Nuálacha agus Struchtúir amach ón gCósta Nuálacha

I gcás *Aberdeen Offshore Wind Farm* [an Fheirm Ghaoithe amach ón gcósta, Obar Dheathain] thosaigh na haon tuirbín gaoithe déag a bhfuil an acmhainn is mó ar domhan acu (8,8 MW in aghaidh an tuirbín an tráth sin, sa lá atá inniu ann is ann do thuirbíní ag a bhfuil rátáil cumhachta 12 MW) a thosaigh oibríochtaí an 1 Iúil 2018 ag feirm ghaoithe ‘*Aberdeen Bay*’ [Bá Obar Dheathain] de chuid an chomhlachta *Vattenfall*. I mí Mheán Fómhair 2018 osclaíodh go hoifigiúil an *European Offshore Wind Deployment Centre* (ar a dtugtar *Aberdeen Offshore Wind Farm* freisin). Rinneadh an tuairisciú is déanaí i leith an tionscadail a chur isteach agus a fhormheas i mí Iúil 2020.

2.2.2 Dul Chun Cinn le Comhtháthú Eangaí Fuinnimh Gaoithe

Go ginearálta, rinneadh cur i gcrích an dá thionscadal eile, *Kriegers Flak* agus *COBRACable*, dul chun cinn de réir mar a bhí beartaithe.

I mí Mheán Fómhair 2019, coimisiúnaíodh an t-idirnascaire idir an Danmhairg agus an Ísiltír. Cuireadh deireadh leis an tionscadal *COBRACable* i mí na Nollag 2019. Formheasadh an tuarascáil chríochnaitheach a cuireadh isteach i mí an Mhárta 2020 agus cuireadh deireadh leis an tionscadal.

Tugadh ‘*Kriegers Flak - the Combined Grid Solution*’ i bhfeidhm i mí na Nollag 2020, agus cuireadh deireadh leis an tionscadal i mí na Nollag 2020 freisin. Formheasadh an tuarascáil chríochnaitheach a cuireadh isteach i mí an Mhárta 2021 agus cuireadh deireadh le tuairisciú críochnaitheach maidir leis an tionscadal.

3. GABHÁIL AGUS STÓRÁIL CARBÓIN

Is é atá i bhfochlár CFET sé thionscadal agus EUR 1 bhilliún de thacaíocht atá dírithe ar an bpróiseas gabhála, iompair agus stórála carbóin ina iomláine a léiriú.

Tugadh tionscadal amháin (Compostilla sa Spáinn) chun críche agus soláthraíodh leis ab ea gléasraí píolótacha oibríochta le haghaidh gabhála, iompair agus stórála. Foirceannadh ceithre

thionscadal roimh am mar gheall ar chinneadh na dtionscnóirí tionscadail gan infheistíocht a dhéanamh, cuireadh deireadh le haon tionscadal amháin gan é a thabhairt chun críche. Íocadh EUR 387 099 179 (tar éis orduithe gnóthaithe ar mhéid iomlán EUR 145 294 400 a asbhaint) leis na tionscadail sin.

III. AN CISTE EORPACH UM ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH (CEEF)

I mí na Nollag 2010, leithdháileadh EUR 146.3 milliún ón gClár Fuinnimh Eorpach do Théarnamh (CFET) ar shaoráid airgeadais le haghaidh tionscadail fuinnimh inbhuanaithe². Gealladh EUR 125 mhilliún ar dtús mar ranníocaíocht an Aontais leis an gCiste Eorpach um Éifeachtúlacht Fuinnimh (EEEF). Cruthaíodh CEEF i mí Iúil 2011 agus b'fhiú méid iomlán EUR 265 mhilliún é³, a fuair tacaíocht ón tSaoráid um Dheontais le haghaidh Cúnamh Teicniúil, ag a bhfuil buiséad EUR 20 milliún agus EUR 1.3 milliún le haghaidh gníomhaíochtaí múscaile feasachta.

Leis an tSaoráid um Dheontais le haghaidh Cúnamh Teicniúil, bhíothas in ann tacú le hinfheistíochtaí⁴ chun spriocanna uailmhianacha aeráide an Aontais a bhaint amach i roinnt Ballstát, an Spáinn, an Phortaingéil, an Fhrainc, an Danmhairg, an Ríocht Aontaithe, Éire, an Ísiltír agus an Bheilg san áireamh. Tar éis dul in éag don sprioc-am chun an tSaoráid um Dheontais le haghaidh Cúnamh Teicniúil a leithdháileadh, in 2020 d'aisghabh an Coimisiún EUR 4 498 415 den leithdháileadh tosaigh a cuireadh ar ais i mbuiséad an Aontais (féach an Iarscríbhinn). Le CEEF soláthraítear maoiniú saincheaptha (idir ionstraimí fiachais agus cothromais araon) le haghaidh tionscadail um éifeachtúlacht fuinnimh, um fhuinneamh in-athnuaite agus um iompar uirbeach atá glan. Is iad na tairbhíthe údaráis phoiblí áitiúla nó réigiúnacha nó eintitis phríobháideacha atá ag gníomhú thar a gceann.

1. DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

In 2021, cuireadh idirbheart nua amháin le punann an Chiste:

– Bhunaigh CEEF i gcomhar le VIPA – Gníomhaireacht Forbartha Infheistíochta Poiblí na Liotuáine ardán ‘Forbairt Acmhainní Inbhuanaithe’⁵. Maoinítear léi infheistíochtaí a chuidíonn leis an maolú ar an athrú aeráide. Le haghaidh bhunú an ardáin chuir CEEF agus VIPA, EUR 12 mhilliún ar fáil. Meastar go nginfear leis an maoiniú sin éifeachtúlacht

2 Rialachán (AE) Uimh. 1233/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2010 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 lena mbunaítear clár chun cabhrú leis an téarnamh eacnamaíoch trí chúnamh airgeadais Comhphobail a dheonú ar thionscadail i réimse an fhuinnimh.

3 Rinne na comhlachtaí seo a leanas infheistíochtaí breise le hinfheistíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh: an Banc Eorpach Infheistíochta EUR 75 mhilliún, *Cassa Depositi e Prestiti SpA* (CDP) EUR 60 milliún agus Bainisteoir Infheistíochta *Deutsche Bank* (DB) EUR 5 mhilliún, agus in 2020 *Deutsche Bundesstiftung Umwelt* (DBU) EUR 10 milliún.

⁴ Is féidir faisnéis níos mionsonraithe faoi na hinfheistíochtaí sin a fháil tríd an bhfoinse seo a leanas:

<https://www.eeef.lu/european-commission-ta-facility.html>

⁵ Tá mionsonraí ar fáil ag <https://www.eeef.lu/news-detail/vipa-and-eeef-join-forces-to-invest-in-sustainable-projects-in-lithuania.html>

fuinnimh agus iasachtaí fuinnimh in-athnuaite dar luach is mó ná EUR 37 milliún, agus é dírithe ar infheistíochtaí san earnáil phoiblí san earnáil phríobháideach araon.

Ón uair a cruthaíodh é agus go dtí an 30 Meán Fómhair 2021, shínigh CEEF conarthaí le haghaidh 17 dtionscadal arbh fhiú EUR 176 mhilliún iad, agus gineadh infheistíocht deiridh de EUR 324 mhilliún leis.

Faoi cheart CEEF chun measúnú a dhéanamh ar thionscadail agus tuairisciú orthu⁶ maidir le coigilteas coibhéise dé-ocsaíde carbóin agus coigilteas fuinnimh phríomhúil, faoin mhí Mheán Fómhair 2021, lena infheistíochtaí baineadh amach coigilteas de 584 235 thonna CO₂ agus Coigilteas Fuinnimh Phríomhúil⁷ de 769 801 MWh.

⁶ Tuarascáil Ráithiúil de CEEF Ráithe 3 2021, leathanaigh 10-5, ar fáil ag: [https://www.eeef.lu/quarterly-reports.html?file=files/downloads/Quarterly Reports/2021/eeef-Quarterly-Report-2021-Q3.pdf](https://www.eeef.lu/quarterly-reports.html?file=files/downloads/Quarterly%20Reports/2021/eeef-Quarterly-Report-2021-Q3.pdf)

⁷ Ní chuirtear an coigilteas fuinnimh príomhúil carnach i láthair ach amháin le haghaidh teicneolaíochtaí Éifeachtúlachta Fuinnimh agus Iompair Uirbigh atá Ghlan; áirítear leo ríomhanna ó dheireadh na bliana airgeadais go dtí aibíocht na hiasachta, bunaithe ar mheastacháin le haghaidh tionscadail atá á dtógáil agus níos lú ná bliain amháin i gcás oibríochtaí agus sonraí iarbhir le haghaidh tionscadail a bhí i bhfeidhm le níos mó ná bliain amháin. Bainneann an coigilteas le méid iomlán infheistíochta tionscadal (i.e. infheistíochtaí CEEF agus neamh-CEEF).

2. Saoráid Cúnaimh Theicniúil de CEEF

I mí na Samhna 2016, sheol Ciste Eorpach um Éifeachtúlacht Fuinnimh saoráid nua le haghaidh Cúnaimh Teicniúil (CT). Tar éis shaoráid Cúnaimh Theicniúil an Choimisiúin Eorpaigh a bhunú, atá á bainistiú ag CEEF, bunaíodh uirlis nua leis an gCiste chun tacú le heintitis phoiblí uaillmhianacha a bhfuil tionscadail infheistíochta fuinnimh inbhuanaithe atá iontaofa ó thaobh brabúis de acu. Bainfidh na tionscadail sin le hearnáil na héifeachtúlachta fuinnimh, le tionscnaimh fuinnimh in-athnuaite agus/nó iompair phoiblí atá ar mionscála. Tá CEEF ag tacú le tairbhíthe – réigiúin, comhairlí cathrach, ollscoileanna, ospidéal phoiblí agus eintitis phoiblí eile atá lonnaithe i mBallstáit an Aontais – trí bhíthin seirbhísí comhairliúcháin a leithdháileadh ar na hinfeistíochtaí atá beartaithe, mar shampla staidéir indéantachta agus iniúchtaí fuinnimh a dhéanamh, seirbhísí dlí a chur ar fáil agus anailís a dhéanamh ar an inmharthanacht. Fuair an tSaoráid um Dheontais le haghaidh Cúnaimh Teicniúil de CEEF maoiniú a fháil ó shaoráid ELENA (an tSaoráid Eorpach um Chúnamh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh) faoin gClár Fis 2020 de chuid an Aontais Eorpaigh. Faoi mhí na Nollag 2021, bhí sí ag tacú cheana féin le 8 dtairbhí san Iodáil, sa Spáinn agus sa Liotuáin.

3. Príomhchonclúidí & dearcadh

Léirigh CEEF cuntas fóna teiste maidir le hinfeistíochtaí brabúsacha a bhunú de réir a chéile, agus é ag feidhmiú le 10 mbliana anuas, tacaíodh leis cheana féin le 17 dtionscadal an-sonrach⁸ (a bhfuil dhá cheann díobh aisíoctha cheana trí bhíthin na bhfáltas a athinfeistíodh sa chiste) i dteicneolaíochtaí éagsúla i 8 mBallstát éagsúla agus sa Ríocht Aontaithe.

IV. CONCLÚIDÍ FORIOMLÁNA

Tá torthaí maithe bainte amach ag CFET. Tugadh gach ceann de na 12 thionscadal um bonneagar leictreachais agus formhór na dtionscadal um bonneagar gáis chun críche; agus tá dhá thionscadal gáis fós á gcur i gcrích agus meastar go dtabharfar chun críche iad in 2022 agus in 2026. Leis an dianrialú a rinne an Coimisiún Eorpach ar chur chun feidhme agus ar fhaireachán na dtionscadal, cuireadh le héifeachtúlacht na hionstraime.

Bhí na tionscadail Fuinnimh Gaoithe amach ón gcosta níos casta a chur i gcrích ná mar a bhí beartaithe ach d'éirigh le tionscnóirí agus tógálaithe teacht ar réitigh chun iad a thabhairt chun críche – uaireanta trí shíneadh a chur le conarthaí. Thar thréimhse 12 bhliain an chláir, chuidigh CFET le heolas teicneolaíochta a fháil agus chuir sé le forbairt na dteicneolaíochtaí idirnáise fuinnimh gaoithe amach ón gcosta.

Cé nárbh leordhóthanach an tacaíocht airgeadais ó CFET chun cuideachtaí a spreagadh le tionscadail taispeántais um ghabháil agus stóráil carbóin ar scála tráchtála a chur i gcrích, measann an Coimisiún fós go bhfuil tábhacht ag baint le tionscadail um ghabháil agus stóráil carbóin le haghaidh dícharbónú (teicneolaíocht iontaofa amháin chun dé-ocsaíd charbóin a stóráil go fadtéarmach), le haghaidh an Aontais Eorpaigh i gcoitinne, agus le haghaidh tionscail fuinnimh agus carbóin go háirithe.

Trí CEEF infheistíodh i roinnt tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus leanfar dá phunann a leathnú, réitigh mhaoiniúcháin a sholáthar agus brabús a ghiniúint dá scairshealbhóirí.

⁸ Tuarascáil Ráithiúil de chuid CEEF Ráithe 3 2021, leathanaigh 10-15, ar fáil ag: [https://www.eeef.lu/quarterly-reports.html?file=files/downloads/Quarterly Reports/2021/eeef-Quarterly-Report-2021-Q3.pdf](https://www.eeef.lu/quarterly-reports.html?file=files/downloads/Quarterly%20Reports/2021/eeef-Quarterly-Report-2021-Q3.pdf)

Samhail atá in CEEF freisin le haghaidh ionstraimí airgeadais nuálacha lena n-infheistítear i dtionscadail fuinnimh inbhuanaithe atá cost-éifeachtach agus aibí ar féidir leo caipiteal príobháideach a mhealladh agus cás gnó is bonn leis na hinfheistíochtaí sin á léiriú agus cuntas inchreidte teiste a chruthú an tráth céanna.